# Earraí Caipitil TFC a cheannach as Airgead Deontais TFC a Fuarthas

*(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)*

## 1. Réamhrá

Ba cheart caiteachas deontais TFC a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí aitheanta Phlean Foghlama Digiteach na scoile agus próisis Féinmheastóireachta na Scoile.

Is féidir an deontas TFC a infheistiú i réimse teicneolaíochta a chaithfear a aicmiú mar earraí caipitil nó neamhchaipitil ó thaobh na cuntasaíochta de. Féach thíos samplaí d'earraí caipitil agus d'earraí neamhchaipitil.

<u>Míreanna Neamhchaipitil</u>

- Uirlisí néalbhunaithe agus feidhmchláir bogearraí chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Ardáin foghlama – is feidhmchláir néalbhunaithe iad seo de ghnáth a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

Ar chuid de na hardáin agus na huirlisí foghlama is coitianta atá á n-úsáid ag scoileanna tá Google G Suite for Education (lena n-áirítear Google Classroom) nó Microsoft Office 365/Teams, Apple, Schoology, Edmodo, Schoolwise, KhanAcademy, Zoom, ClassDojo agus Seesaw.

Féach *Cur Chuige Cuntasaíochta Uimh. 10 maidir le Ceannach Earraí Neamhchaipitil TFC* as Airgead Deontais TFC a Fuarthas.

<u>Earraí Caipitil</u>

- Ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha
- Teilgeoirí, cláir bhána, scáileáin idirghníomhacha
- Nascacht leathanbhanda agus idirlín feabhsaithe

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta i leith TFC Caipitil

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaitheamh an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Airgead Deontais a Fháil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2165 | Deontas TFC gan chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 Nuair a dhéantar an t-earra a cheannach

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An t-earra a cheannach | DR | 1461 | Caipiteal: Breiseanna TFC<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| An deontas a caitheadh a aistriú chuig na Cúlchistí Caipitil | DR | 2165 | Deontas TFC gan chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3921 | Ioncam Caipitil ó Dheontais TFC RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3 Amúchadh an Deontais TFC

Teicníc chuntasaíochta is ea an t-amúchadh a úsáidtear chun an luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar an deontas TFC a aithnítear mar dheontas caipitil thuas a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an caiteachas deontais a amúchadh thar 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoileanna na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas TFC a amúchadh | DR | 3926 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ón Deontas TFC Caipitiúil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3226 | Amúchadh Deontas TFC ón RO<br>Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas Amúchta – déantar deontais a amúchadh thar 3 bliana

### 2.4 Dímheas Caiteachais Caipitil ar TFC

Teicníc chuntasaíochta is ea an dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar caiteachas caipitiúil an deontais TFC a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an caiteachas deontais a dhímheas thar thréimhse 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile dímheas an chaiteachais chaipitiúil TFC ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| TFC a dhímheas | DR | 8060 | Dímheas Bliantúil:Caiteachas<br>TFC |
| | CR | 1471 | Dímheas: TFC sa Bhliain Reatha<br>Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2:** Beartas Dímheasa TFC - déantar earraí a dhímheas thar 3 bliana

### 2.5 Cuntas ar an deontas nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é an deontas TFC agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoin gcód ainmniúil 2165 Deontas TFC gan Chaitheamh.